View in browser

20 Eanáir 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 81








## RANGANNA GAEILGE LE CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE

Tá raon leathan ranganna Gaeilge á reáchtáil ag Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige. Cuireann an club cúrsaí Gaeilge 10 seachtaine le haghaidh gach leibhéal TEG ar fáil. Bíonn na ranganna ar siúl tráthnóna Dé Luain, Dé Máirt agus Dé Céadaoin, ag braith ar éileamh agus an leibhéal atá i gceist. Beidh ranganna théarma an Earraigh 2022 á dteagaisc ar líne. Má tá tuilleadh eolais uait, nó má tá tú ag iarraidh clárú leis an gclub is féidir teagmháil a dhéanamh le spiddalgaeilge@gmail.com nó is féidir glaoch a chur ar 085 185 2786

## MAR A DÉARFÁ: PLÉ & CUR I LÁTHAIR

Tá cur i láthair agus plé á reáchtáil ag **Breacadh** bunaithe ar an gclár **'Mar a Déarfá'**. Is clár céimnithe fónaice agus litearthachta é **'Mar a Déarfá'** a dhíríonn ar líofacht léitheoireachta agus cruinneas scríofa agus litrithe i measc cainteoirí dúchais Gaeilge. Cuirtear béim sa gclár ar na fuaimeanna a dhéanann an cainteoir dúchais ina theanga labhartha féin a cheangal lena bhfoirmeacha scríofa. Beidh an chéad seisiún, faoi stiúr Nóirín Ní Ghrádaigh, ar an Déardaoin 27 Eanáir, dírithe ar an gclár é féin. Pléifidh Máirín Uí Niaidh agus Áine de Bhailís áiseanna an chláir don seomra ranga ar an 3ú Feabhra agus an 17ú Feabhra. Seisiúin fhiorúla a bheas iontu. Is féidir níos mó eolais a fháil, nó clárú le haghaidh na seisiúin ach teagmháil a dhéanamh le eolas@breacadh.ie




## TIONSCADAIL, TÓGÁIL & TODHCHAÍ

Is iomaí cainteoir agus ceardlann atá eagraithe ag Comhairleoir Gairmthreorach Choláiste Cholmcille. An tseachtain seo, labhair ceann de na comhlachtaí tógála is mó ar domhan, CoffeyGroup, le scoláirí na hArdteistiméireachta ag tús na seachtaine. Rinne Fiona agus Cathal cur síos cuimsitheach ar an gcomhlacht. Thaispeáin siad pictiúir agus físeáin de na tograí a bhí agus atá idir lámha acu. Mhol na cainteoirí, iarscoláirí na scoile atá fostaithe leo in earnálacha éagsúla an chomhlachta. Tugadh deis do na scoláirí ceisteanna a chur. Seo a dúirt Cormac de Bhailís, "D'inis siad dúinn faoin réimse leathan poist atá ar fáil sa gcomhlacht agus na dualgais a bhíonn orthu. Samplaí díobh seo ná Suirbhéireacht Chainníochta, Bainisteoir Foirgníochta agus Innealtóir Sibhialta. Fostaíonn siad céimithe, glacann siad le printíseachtaí agus tugann siad deiseanna do scoláirí tréimhsí taithí oibre a dhéanamh leo. Is léir go bhfuil an comhlacht seo ag dul ó neart go neart".




## DEISEANNA LE FÍBÍN & CÚLA 4

Tá **Fíbín** agus **Cúla 4** sa tóir ar dhaoine óga idir 8 agus 12 bliain d'aois le haghaidh clár nua. Le hiarratas a dhéanamh, ní mór a insint dóibh faoi céard iad na rudaí atá speisialta faoi do chaitheamh aimsire trí fhíseán, a mhaireann tríocha soicind, a thaifeadadh agus a sheoladh chucu ag eolas@fibinmedia.ie nó ar WhatsApp ag 085 138 9582. Glacfar le físeáin go dtí 28 Eanáir 2022. Ná déan dearmad d'ainm, d'aois agus d'áit chónaithe a lua sa bhfíseán.

## OIFIGEACH FORBARTHA NUA CEAPTHA AG ÓGRAS

Ceapadh Patricia Ní Chonghaile mar Oifigeach Forbartha leis an eagraíocht Ógras le gairid. Beidh aire speisialta á thabhairt ag Patricia ar Iarthar na tíre. Sular thosaigh Patricia ag obair le hÓgras, chaith sí seal mar Oifigeach Forbartha le Glór na nGael agus mar chúntóir teanga le Muintearas. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Patricia ag 087 062 3010 nó ag gaillimh@ogras.ie Comhghairdeachas leat a Phatricia!

## RANGANNA DAMHSA AR AN SEAN-NÓS

Tá ranganna damhsa ar an sean-nós á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta**. Cuirfear tús leis an téarma nua ar an gCéadaoin 26ú Eanáir 2022. Le níos mó eolais a fháil, nó le clárú do na ranganna, is féidir teagmháil a dhéanamh le hAisling ag aisling@tuismitheoiri.ie



## CÚRSA AIREACHAIS LE KATIE MCGREAL

Tá cúrsa aireachais do dhaoine fásta, á reáchtáil ag **Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga** i gcomhpháirt le **Katie McGreal**. Tabharfaidh Katie cúrsa trí seachtaine de sheisiúin threoraithe ag díriú ar dheachleachtais i gcúrsaí aireachais agus folláine. Beidh na seisiúin ar siúl in Inis Fáil, i sráidbhaile an Spidéil. Má tá suim agat ann, is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag optchoisfharraige@gmail.com nó ar 083 010 6294

## SCOIL GHEIMHRIDH MERRIMAN 2022

*'An tOireachtas agus Cothú na Nualitríochta'* téama Scoil Gheimhridh Merriman a bheas ar siúl ar líne ón 21-23 Eanáir 2022. Beidh neart daoine as Cois Fharraige páirteach in imeachtaí na Scoile. An tOllamh Gearóid Denvir, Uachtarán an Oireachtais a osclóidh an Scoil ag 7.15 ar an Aoine agus beidh Tadhg Mac Dhonnagáin ar phainéal a chíorfaidh cothú na léitheoireachta ar mhaidin an tSathairn ag 10.30 r.n. Cuirfidh an tOireachtas féin seó Oireachtais ar fáil ag 7.30 ar an Satharn agus beidh Treasa Ní Mhiolláin, Éamon Ó Donnchadha, Neans & Micil Mac Donncha, Ruadhán Ó Flatharta, PJ Sonaí Choilm Learaí Ó Conghaile, Páid Ó Neachtain, Bróna Ní Uallacháin agus Aisling Ní Neachtain ar chuid de na hoirfidigh a bheas ann. Níl le déanamh ach dul chuig www.merriman.ie agus beidh nasc ar fáil ar an suíomh chuig chuile imeacht ar leith: ní gá clárú roimh ré agus tá na himeachtaí saor in aisce.

## FÓRAM ÓIGE CHOIS FHARRAIGE

Tá **Fóram Óige Chois Fharraige** á bhunú ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Fochoiste ionadaíocht óige a bheidh ann, áit a mbeidh deis ag óige Chois Fharraige ábhair a phlé, tuairimí a roinnt, agus moltaí i leith na pleanála teanga a chur faoi bhráid agus a phlé le hOifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige. Idir ochtar agus deichniúr a bheas ar an bhFóram Óige, idir 15-18 bliain d'aois, as ceantar Chois Fharraige, le hionadaí amháin, ar a laghad, ó chuile cheantar scoile sa LPT. Is deis iontach í seo do dhaoine óga ionchur a bheith acu ar an bpróiseas pleanála teanga sa gceantar chomh maith lena gcuid tuairimí a roinnt faoi chéard ar mhaith leo a fheiceáil do dhéagóirí Chois Fharraige amach anseo. Le suim a léiriú sa bhFóram Óige, is féidir foirm iarratais a líonadh anseo. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Céadaoin 26ú Eanáir.

## SEIRBHÍSÍ LUATHBHLIANTA CNNG CHOLMCILLE

Fógraíodh le gairid go mbeidh seirbhísí luathbhlianta nua á reáchtáil i **Scoil na Tulaí** i mbliana. Tá fail anois ar chlub bricfeasta ó 8r.n. go dtí go dtéann na gasúir ar scoil chomh maith leis an tseirbhís naíonra atá ar fáil ann faoi láthair. Chomh maith leis sin, beidh seirbhís iar-naíonra ar fáil théis a 12, agus seirbhís iar-scoile freisin. Foilsíodh físeán álainn ar leathanach Facebook **Chomhar Naíonraí na Gaeltachta** le sonraí a thabhairt ar na seirbhísí seo chomh maith le camchuairt ar na stáisiúin uilig atá ann do na gasúir. Is féidir breathnú ar an bhfíseán anseo. Le clárú do na seirbhísí seo, nó le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh tré ghlaoch ar 087 224 1488





Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta